Treoir phraiticiúil atá sa bhileog seo, chun go dtuigfidh tú an chosaint a thugtar do struchtúir lena mbaineann luach inspéise ar leith ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil, faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2002, agus faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001- 2003.

Mar threoir phraiticiúil amháin a cuireadh an bhileog seo ar fáil. Níl léirmhíniú anseo ar dhlí na pleanála. Is féidir leat breis eolais a fháil ón údarás áitiúil pleanála a bhaineann leatsa.

1. Cén saghas dlíthe atá ann, maidir le foirgintí stairiúla a chaomhnú?

Tá an dlí a bhaineann leis na cúrsaí seo leagtha síos sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2002,agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2003. Faoi shocruithe nua a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2000, tá deireadh le córas na bhfoirgintí liostáilte, agus gnáthaimh úra curtha ina áit chun struchtúir chosanta agus struchtúir i limistéar caomhnaithe ailtireachta a chaomhnú. Is féidir, mar mhalairt no ina theannta sin, struchtúir stairiúla eile a bheith faoi chosaint ag na hAchtanna um Shéadchomharthaí Náisiúnta, 1930-1994.

Is féidir, mar mhalairt no ina theannta sin, struchtúir stairiúla eile a bheith faoi chosaint ag na hAchtanna um Shéadchomharthaí Náisiúnta, 1930 - 1994.

2. Cad is struchtúr cosanta ann?

Ciallaíonn struchtúr cosanta struchtúr, nó cuid de struchtúr a measann údarás pleanála a bheith ina struchtúr inspéise ar leith ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil. Déanann an t-údarás pleanála mionsonraí struchtúr cosanta a iontráil ar a gClár Struchtúr Cosanta, atá ina chuid den Phlean Forbartha. Tá ceangal faoin dlí ar úinéir agus/nó ar áitritheoirí struchtúir chosanta féachaint chuige nach gcuirtear i mbaol é. Tagann an dualgas sin i féidhm an uair a dtugtar fógra don úinéir nó don áitritheoir faoi thairiscint chun an struchtúr a chur ar Chlár na Struchtúr Cosanta ("struchtúr a mholtar a chosaint" é uaidh sin amach).

3. Cén chuid de struchtúr cosanta is gá a chaomhnú

Baineann dualgas caomhnaithe struchtúir chosanta, ar an gcéad dul síos, le gach cuid den struchtúr, idir a thaobh istigh agus na tailte timpeall air, agus le struchtúir ar bith eile ar na tailte sin, an chuid inmheánach díobh san áireamh. Baineann an dualgas sin, chomh maith, le coinní agus le feistí, idir inmheánach agus sheachtrach, ar struchtúr ar struchtúr cosanta agus ar struchtúr ar bith ar na tailte sínte leis taobh istigh dá chúirtealáiste. I gcás go n-iarrtar dearbhú (féach alt 7 thíos), is féidir leis an údarás pleanála soiléiriú a thabhairt, maidir le coda ar bith, más ann, nach mbaineann inspéise ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, eolaíochta, sóisialta ná teicniúil leo, agus nach n-éilíonn cosaint ar leith ar an ábhar sin.

4. Conas a dhéantar struchtúr cosanta de struchtúr

Déantar struchtúr cosanta de struchtúr an lá a gcuirtear ar Chlár Struchtúr Cosanta údaráis pleanála é. Ba cheart duit dul i dteagmháil leis an údarás pleanála agatsa, más mian leat a fháil amach an bhfuil struchtúr áirithe ina struchtúr cosanta, ina struchtúr a mholtar a chaomhnú, nó eile. I gcás go dteastaíonn ó údarás pleanála struchtúr ar bith a fhógairt ina struchtúr cosanta, tá ceangal air gnáthaimh áirithe a leanúint chuige sin. Ina measc sin, is gá fógra a thabhairt d'úinéir agus d'áitritheoirí an struchtúir agus d'eagrais áirithe eile le leas sna cúrsaí sin, agus is fógra a thabhairt don phobal, leis, trí mheán fógra nuachtáin. Tá sé de cheart ag an úinéir, ag na háitritheoirí agus ag an bpobal i gcoitinne a dtuairimí i dtaobh an togra a chur in iúl don údarás. Cuirtear na tuairimí sin san áireamh sula nglacann comhaltaí tofa an údaráis pleanála cinneadh faoi ar cheart struchtúr cosanta a dhéanamh de, nó nár cheart.

5. Cad iad na dualgais a bhíonn ar úinéirí agus ar áitritheoirí, chun féachaint chuige go ndéanfar struchtúir chosanta a chaomhnú?

Ní mór d'úinéir agus d'áitritheoirí struchtúir chosanta a chinntiú nach gcuirtear an struchtúr féin ná cuid ar bith de i gcontúirt. Ciallaíonn struchtúr a chur i gcontúirt dochar a dhéanamh don struchtúr sin ná do chuid ar bith de, go díreach nó go hindíreach, trína bheith chomh faillíoch sin ina chúram go ndéantar dochar dó.

6. An gá dom cead pleanála a bheith agam chun struchtúr cosanta a fhorbairt?

Is féidir, faoin gcóras pleanála, oibreacha beaga a chur i gcrích ar struchtur nach gnách go mbíonn cead pleanála ag teasáil ina leith. Forbairt dhíolmhaithe a thugtar ar a leithéidí (féach bileog PL. 7). I gcás struchtuir chosanta, áfach, ní féidir oibreacha mar sin a dhéanamh ach amháin i gcás nach gcuireann siad isteach ar thréithríocht an struchtúir, ná ar ghné ar bith de a chuireann lena luach mar rud inspéise. Is féidir leat dearbhú a iarraidh ar an údarás pleanála, maidir leis an saghas oibre a chuirfeadh isteach go hábhartha ar thréithríocht an struchtúir, nó nach gcuirfeadh (féach alt 7 thíos) agus an dteastóidh nó nach dteastódh cead pleanála ina leith.

Maidir le struchtúr áirithe lena mbaineann spéis ar leith lena maisiú taobh istigh, is féidir go mbeidh cead pleanála ag teastáil chun maisiú inmheánach a dhéanamh, plástar nó péint a chur leis, mar shampla.

7. Conas a bhíonn a fhios ag úinéir nó ag áitritheoir cad iad na hoibreacha a dteastaíonn cead pleanála ina dtaobh?

Is féidir le duine ar leis/léi struchtúr cosanta, nó a chónaíonn ann, a iarraidh ar an údarás pleanála dearbhú a eisiúint, maidir leis an struchtúr agus lena chúirtealáiste. Léireoidh an dearbhú sin cén saghas oibreacha is féidir nó nach féidir a dhéanamh gan cur isteach ar thréithríocht an struchtúir chosanta ná ar ghné ar bith de a chuireann lena luach inspéise ar leith, ó thaobh na hailtireachta, na staire, na seandálaíochta, na healaíne, na heolaíochta, nó a luach sóisialta nó teicniúil. Ní bhíonn gá le cead pleanála, de ghnáth, maidir le hoibreacha nach gcuireann isteach ar thréithríocht an struchtúir. Is ar a bpriacal féin, áfach, a thugann úinéir nó áitritheoirí faoi oibreacha mar sin gan saindearbhú a fháil roimh ré ón údarás pleanála. Is féidir le húinéir nó le háitritheoir dearbhú mar sin a iarraidh ar an udarás pleanála in am ar bith, go fiú is gan oibreacha ar bith a bheith á mbeartú.

7a. Conas a eisítear dearbhú?

Tugtar dearbhú saor in aisce, ach a iarraidh, do dhuine ar leis/léi struchtúr cosanta nó a chónaíonn ann. Eiseoidh údarás pleanála an dearbhú sin taobh istigh de 12 seachtain ón lá a gheibhtear an t-iarratas. Beidh ar oifigeach de chuid an údaráis an struchtúr a iniúchadh go mion. Is féidir go n-iarrfar ar an iarratasóir ar dhearbhú ráiteas a sholáthar a léireoidh a réimse smachta féin ar an áitreabh, agus líníocht nó léarscáil a chur ar fáil, ag léiriú a méide. Cé gur féidir an dearbhú a iniúchadh san oifig pleanála, ní nochtfar faisnéis íogair ar bith sa taifead poiblí.

8. Conas a chuireann úinéir nó áitritheoir isteach a chead pleanála chun obair a dhéanamh ar struchtúr cosanta?

Tá iarratas ar chead pleanála a bhaineann le struchtúr cosanta díreach ar aon dul le hiarratas ar bith eile ar chead pleanála (féach bileog PL2). I ngeall ar ghoilliúnacht mórchuid struchtúr cosanta, maidir le hoibreacha mí-oiriúnach, áfach, is iondúil go mbíonn sonraí níos mine de dhíth in éineacht le hiarratas ar chead pleanála ar bith a bhaineann lena leithéid. Is gá go léireoidh an fógra nuachtáin a bhaineann le hábhar agus an fógra suímh gur le struchtúr cosanta a bhaineann an t-iarratas. Ní mór eolas breise, maidir le cén tionchar a bheadh ag an bhforbairt atá á tairiscint ar thréithríocht an struchtúir a chur isteach leis an iarratas. Cuirfidh an t-údarás áitiúil dreamanna leasmhara eile ar an eolas, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Chomhairle Oidhreachta agus an Taisce san áireamh, sula ndéanfaidh siad cinneadh i leith an iarratais.

B'inmholta duit, b'fhéidir, dul i dteagmháil leis an údarás pleanála agatsa roimh iarratas isteach ar chead forbartha a chur isteach, chun deimhin a dhéanamh de gur iarratas comhlán é.

9. An bhfuil bearta in áit chun cabhrú le húinéirí agus le háitritheoirí struchtúr cosanta a chaomhnú?

Tá. Eagraíonn comhairlí contaetha agus buirgeacha scéim deontas chun cabhrú le húinéir nó le háitritheoir struchtúir chosanta oibreacha riachtanacha a dhéanamh chun struchtúr a chaomhnú.

Is ionann an deontas caighdeánach agus 50% de chostas formheasta na n-oibreacha, suas go huasteorainn ¤13,000. Is féidir le húdarás pleanála, ar a rogha féin, suim an deontais a laghdú nó, faoi chúinsí eisceachtúla, í a mhéadú, faoi réir ag uasteorainn 75% de chostas formheasta na n-oibreacha, nó ¤25,000, pé acu is lú. Bíonn gá le cead ón Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil do dheontas ar bith a théann thar ¤13,000.

Tá mionsonraí uile na scéime ar fáil ó na húdaráis a bhaineann le hábhar.

10. An bhfuil cumhachtaí ar leith ag údaráis pleanála, maidir le struchtúir chostanta?

Tá. Is féidir le húdarás pleanála:

- ceangal a chur ar úinéir nó ar áitritheoir oibreacha a dhéanamh i gcás go measann an t-údarás go bhfuil an struchtúr i gcontúirt nó gurbh fhéidir é a chur i gcontúirt. I gcás go n-iarrann údarás pleanála go ndéanfar sin, is féidir go mbeadh an t-úinéir nó an t-áitritheoir in ann cúnamh airgid chuige sin a fháil ón údarás.

- ceangal a chur ar úinéir nó ar áitritheoir oibreacha a dhéanamh i gcás go measann an t-údarás go bhfuil siad den riachtanas chun tréithríocht an struchtúir a thabhairt ar ais. Íocfaidh an t-údarás, i gcúinsí áirithe, as costas réasúnta na n-oibreacha is gá.

- seilbh a ghlacadh ar struchtúr cosanta, trí chomhaontú nó go héigeantach, i gcás go measann an t-údarás go bhfuil sé inmholta nó den riachtanas, maidir le cosaint an struchtúir. I gcás go ndéanann údarás pleanála struchtúr a fháil go héigeantach, is féidir go mbeadh suim ar aon luach leis an struchtúr iníoctha, mar chúiteamh.

11. Cad is limistéar caomhnaithe ailtireachta ann?

Ciallaíonn limistéar caomhnaithe ailtireachta áit, ceantar, grúpa struchtúr nó tírdhreach baile atá ina ionad inspéise ar leith ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil ina cháilíocht féin, nó a chuireann le luach struchtúir chosanta. Is féidir go gcuimseoidh sé sin sraith tithe, mar shampla, foirgintí timpeall ar chearnóg, nó grúpa ar bith foirgintí ar cuid de thréithríocht speisialtaa áite iad i dteannta a chéile. Amuigh faoin tuaith, is féidir go gcuimseoidh limistéar caomhnaithe ailtireachta grúpa struchtúr a bhaineann le muileann, mar shampla, nó le heastáit áras duine uasail. Is féidir go gcuimseoidh limistéar caomhnaithe ailtireachta struchtúir chosanta. Is féidir le húdarás pleanála limistéar sainithe a dhéanamh de limistéar faoina phlean forbartha, chun féachaint chuige go ndéanfar a thréithíocht a chaomhnú. Is iondúil go mbíonn gá le cead pleanála sular féidir oibreacha a dhéanamh ar dhromchla seachtrach struchtúir i limistéar caomhnaithe ailtireachta.

Go ginearálta, déantar iarratas pleanála a bhaineann le struchtúr cosanta ar an gcaoi chéanna le hiarratas ar bith eile a bhaineann

le pleanáil. Is gá go léireoidh an fógra nuachtáin a bhaineann le hábhar agus an fógra suímh gur le struchtúr i limistéar caomhnaithe ailtireachta a bhaineann an t-iarratas. Ní mór eolas breise a chur isteach leis an iarratas, maidir le cén tionchar a bheadh ag an bhforbairt atá á tairiscint ar thréithríocht an limistéir. Cuirfidh an t-údarás áitiúil dreamanna leasmhara eile ar an eolas, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Chomhairle Oidhreachta agus an Taisce san áireamh, sula ndéanfaidh siad cinneadh i leith an iarratais. B'inmholta duit, b'fhéidir, dul i dteagmháil leis an údarás pleanála agatsa sula gcuirfidh tú iarratas isteach ar chead forbartha, chun deimhin a dhéanamh de gur iarratas comhlán é.

12. An ngearrtar píonóis as dochar a dhéanamh do struchtúr cosanta?

Gearrtar. Is cion dochar a dhéanamh do struchtúr cosanta, nó do struchtúr a mholtar a chosaint. Is cion, chomh maith, tús a chur le hobair ar bith ar struchtúr cosanta gan cead pleanála a fháil, i gcás gur gá sin.

13. An féidir liom eolas breise a fháil?

Tá an reachtaíocht a rialaíonn an córas pleanála leagtha amach sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2002 agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2003. Is féidir iad sin a cheannach ón Oifig Díolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2. Guthán (01) 647 6995/4, nó iad a luchtú ó shuíomh www.environ.ie.

Foilsíodh dréacht-threoirlínte, maidir le caomhnú na hoidhreachta ailtireachta, atá le fáil i ríocht ríomhléite, ach teachtaireacht a chur chuig guidelines@ealga.ie.

Tá scata bileog arna bhfoilsiú, chomh maith, ag an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil i sraith dár teideal Treoirlínte Caomhnúcháin.

Is iad sin:

Uimh. 1 Prionsabail Chaomhnúcháin /Eolas Ginearálta
Uimh. 2 Foinsí Eolais.
Uimh. 3 Fuinneoga.
Uimh. 4 Moirtéil, Pointeáil agus Rindreáil.
Uimh. 5 Siúnéireacht Inmheánach agus Feistí
Uimh. 6 Plástráil Mhaisithe.
Uimh. 7 Fallaí Cloch.
Uimh. 8 Brící agus Clocha.
Uimh. 9 Páibháil agus Troscán Sráide.
Uimh. 10 Díonta agus Earraí Uisce Báistí.
Uimh. 11 Ardú Taise agus Lobhadh Adhmaid.
Uimh. 12 Maisiú Inmheánach agus Bailchríoch.
Uimh. 13 Iarann.
Uimh. 14 Éadain Siopaí.
Uimh. 15 Socruithe agus Tírdhreacha.
Uimh. 16 Sábháilteacht ó Dhóiteán, Slándáil agus Cothabháil.

Is iad na bileoga atá sa sraith seo ná:

Treoir do Chead Pleanála	PL.1
Iarratas Pleanála a dhéanamh	PL.2
Tuairimíocht ar Iarratas Pleanála a chur in iúl	PL.3
Teach a Thógáil – na Ceisteanna Pleanála	PL.4
Obair a dhéanamh thart faoin Teach - na Ceisteanna Pleanála	PL.5
Talmhaíocht agus Forbairt Feirme - na Ceisteanna Pleanála	PL.6
Pleanáil do Lucht Gnó	PL.7
An Plean Forbartha	PL.8
Measúnacht ar Thionchar Timpeallachta	PL.9
Achomharc Pleanála a Dhéanamh	PL.10
Treoir do na Rialacháin Fhoirgníochta	PL.11
Treoir don Oidhreacht Ailtireachta	PL.12

This leaflet is also available in English.

PL 12 - Treoir don Oidhreacht Ailtireachta

PL. 12
Deireadh Fómhair, 2003.

Arna chlóbhualadh ar pháipéar arna athchúrsáil as 100% fuíoll iarthomhaltais

AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL
DEPARTMENT OF THE ENVIRONMENT, HERITAGE AND LOCAL GOVERNMENT